



An Roinn Fiontar,  
Trádála agus Fostaíochta  
Department of Enterprise,  
Trade and Employment

# Comhairliúchán Poiblí ar Rogha na mBallstát Soláthraí Neamhspleách Seirbhísí Árachais a Thabhairt isteach (IASP)

De bhun Airteagal 34(4) de Threoir 2013/34/AE arna chur isteach le Treoir  
2022/2464/AE (CSRD)

---

# Comhairliúchán Poiblí ar Rogha na mBallstát Soláthraí Neamhspleách Seirbhísí Árachais a Thabhairt isteach (IASP)

## CUSPÓIR AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag lorg tuairimí an phobail maidir le feidhmiú rogha an Bhallstáit chun Soláthraithe Neamhspleácha Seirbhísí Árachais (IASPanna) a thabhairt isteach de bhun Airteagal 34(4) de Threoir 2013/34/AE ('Treoir Chuntasaíochta') a cuireadh isteach le Treoir 2022/2464/AE a mhéid a bhaineann le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ('CSR').

Leagann an Treoir Chuntasaíochta amach ceanglais ghinearálta maidir le hiniúchadh ar ráitis airgeadais, agus tuarascálacha na stiúrthóirí. Faoi cheanglais an CSR níl mór do Bhallstáit foráil a dhéanamh d'iniúchóirí reachtúla a bheith cáilithe chun tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar. Féadfaidh siad ansin measúnú dearbhaithe a sholáthar maidir le cibé an gcomhlíonann an fhaisnéis inbhuanaitheachta caighdeáin tuairiscithe.

Cuireann CSR alt 4 nua isteach in Airteagal 34 den Treoir Chuntasaíochta, rud a thugann an rogha do na Ballstáit IASPanna a thabhairt isteach chun tuairim a thabhairt maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta gnóthas a thagann faoina raon feidhme. Níl mór IASPanna a chreidiúnú chun an tuairim a thabhairt agus níl mór dóibh a bheith faoi réir ceanglas coibhéiseacha mar iniúchóirí reachtúla.

## CÚLRA

Thug an Coimisiún Eorpach gealltanas athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha maidir le tuairisciú neamhairgeadais sa Treoir Chuntasaíochta, ag díriú ar aistriú atá cóir go sóisialta chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe agus a straitéis eacnamaíoch nua faoin Margadh Glas á bhreithniú aige. Ghin sé seo athrú paraidíme i dtuairisciú cuideachtaí, ag cur tuairiscithe inbhuanaitheachta ar chomhchéim le tuairisciú airgeadais nuair a glacadh an CSR in Eanáir 2023.

Cuirtear an CSR in ionad na Treorach um Thuairisciú Neamhairgeadais 2014/95/AE ('NFRD'), a bhí ann roimhe seo, lena bhforáiltear d'oibleagáidí tuairiscithe maidir le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESGanna') do chuideachtaí ábhartha. Cintíonn seo go mbíonn rochtain ag infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile ar fhaisnéis chun rioscaí agus tionchair infheistíochta a mheasúnú feadh a slabhra luacha féin, lena n-áirítear rioscaí a eascraíonn as athrú aeráide agus mí-úsáidí ar chearta an duine. Dá bharr sin, meastar go dtiocfaidh fás tapa ar an margadh le haghaidh faisnéise inbhuanaitheachta, agus tá ról na IASPanna ag fáil aitheantais ar fud na hEorpa.

Ceanglaítear ar chuideachtaí laistigh de raon feidhme CSR faisnéis a sholáthar maidir le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESG') lena n-áirítear cúrsaí cearta daonna de réir na gCaighdeán Eorpach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta ('ESRS') i dtuarascáil na stiúrthóirí. Is é an Grúpa Comhairleach um Thuairisciú Airgeadais Eorpach (EFRAG) a d'fhorbair na caighdeáin seo. Beidh faisnéis inbhuanaitheachta faoi réir dearbhaithe teoranta (iniúchadh) go dtí go nglacfaidh an Coimisiún caighdeáin dearbhaithe réasúnta in 2028.

## AMLÍNE TRASÚIMH CSRD

Ní mór d'Éirinn an CSRD a thrasú sa dlí náisiúnta faoin 6 Iúil 2024 agus ceanglais shainordaitheacha ag tosú le haghaidh blianta airgeadais ar nó tar éis:

- 1 Eanáir 2024 le haghaidh eintitis leasa phoiblí faoi raon feidhme rialacha tuairiscithe neamhairgeadais an AE (níos mó ná 500 fostaí).
- 1 Eanáir 2025 do chuideachtaí móra agus d'eintitis leasa phoiblí eile (níos mó ná 250 fostaí) agus
- 1 Eanáir 2026 do FBManna liostaithe, agus d'fhéadfaí 'diúltú as' a dhéanamh go dtí 2028.
- 1 Eanáir 2028 le haghaidh fochuideachtaí móra agus brainsí cuideachtaí neamh-AE a bhfuil láimhdeachas glan de €150 milliún acu san AE.

Tá obair ar bun chun na forálacha sainordaitheacha mar aon le líon beag roghanna Ballstáit a ionchorprú sa dlí náisiúnta trí bhíthin Ionstraim Reachtuil an 6 Iúil 2024 nó roimhe.

Tá gá le scrúdú breise a dhéanamh ar rogha an Bhallstáit IASPanna a aithint, a chreidiúnú, a rialáil agus faireachán a dhéanamh orthu, agus ag féachaint ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar CSRD a rinneadh in 2023.

## TORTHAÍ ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AR AN TREOIR UM THUAIRISCIÚ INBHUANAITHEACHTA CORPARÁIDÍ 2023

I mí an Mhárta 2023, sheol an Roinn [comhairliúchán poiblí](#) ar na roghanna Ballstát a cuireadh ar fáil sa CSRD agus fuarthas 34 freagra. Fuarthas amach in athbhreithniú ar na freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí seo, cé go raibh a bhformhór i bhfabhar an rogha a ghlacadh chun catagóir nua de sholáthraí inbhuanaitheachta a aithint, a chreidiúnú, a rialáil agus faireachán a dhéanamh air, cheap beagnach trian de na freagróirí gur cheart tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an rogha Ballstáit seo chun riachtanas an mhargaidh a fháil amach.

## ROGHA BALLSTÁIT SOLÁTHRAÍ NEAMHSPLEÁCH SEIRBHÍSÍ ÁRACHAIS A THABHAIRT ISTEACH

Is gnóthas deonach é dearbhú inbhuanaitheachta i bhformhór na dtíortha. Dá bhrí sin, níl aon srian ar cé atá in ann seirbhísí árachais inbhuanaitheachta a sholáthar agus tá an tionscal neamhrialaithe. Is féidir na soláthraithe sin a rangú i soláthraithe dearbhaithe inbhuanaitheachta cuntasaíochta agus neamhchuntasaíochta. D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn maidir le neamhspleáchas, oibiachtúlacht, cloí le caighdeáin tuairiscithe agus cáilíocht dearbhaithe inbhuanaitheachta ar an tuairisciú inbhuanaitheachta.

Tugann an CSRD an rogha do na Ballstáit IASPanna neamhchuntasaíochta a aithint, a chreidiúnú, a rialáil agus faireachán a dhéanamh orthu. A luaithe a chinneann Ballstát an rogha a ghlacadh chun catagóir nua de sholáthraí neamhspleách seirbhísí árachais a thabhairt isteach, tá gá le roinnt forálacha sainordaitheacha.

### **Creidiúnú**

Ba cheart IASPanna a chreidiúnú chun tuairim dhearbhaithe a sholáthar maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta. Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an t-aon chomhlacht in Éirinn atá freagrach as creidiúnú faoin Rialachán seo.

### **Dearbhú Cáilíochta agus Maoirseacht**

Caithfidh IASPanna a bheith faoi réir ceanglas atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE ('Treoir Iniúcháireachta'), lena n-áirítear: oiliúint agus scrúdú; oideachas leanúnach; córais árachais cáilíochta; eitic ghairmiúil, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil; ceapachán agus dífhostú; eagrú obair na IASPanna; imscrúduithe agus smachtbhannaí; agus neamhrialtachtaí a thuairisciú.

### **Maoirseacht Baile agus Óstach ar fud an AE**

Ón 6 Eanáir 2027, ní mór don 'Ballstát óstach' cead a thabhairt do IASPanna atá bunaithe i mBallstát eile an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhu agus ba cheart go gceadófaí don Bhallstát óstach sin maoirseacht a dhéanamh ar IASPanna.

### **Monatóireacht**

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go n-ullmhaítear an tuairim árachais i gcomhréir le caighdeáin árachais agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanann an coiste iniúcháireachta, nó coiste tiomnaithe, athbhreithniú agus faireachán ar neamhspleáchas an tsoláthraí neamhspleách seirbhísí árachais.

### **Forálacha Idirthréimhseacha – más gá**

Más gá, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na IASPanna atá creidiúnaithe roimh an 1 Eanáir 2024 faoi réir na gceanglas oiliúna agus scrúdaithe, ar choinníoll go gcríochnóidh siad an próiseas sin faoin 1 Eanáir 2026.

## **RÉASÚNAÍOCHT BEARTAIS LE HAGHAIDH ROGHA NA MBALLSTÁT**

Is é is cuspóir don rogha Ballstáit seo margadh iniúcháireachta árachais inbhuanaitheachta atá oscailte agus éagsúil a chruthú, rud a thabharfaidh rogha níos leithne de IASPanna do ghnóthais, a mbeidh cáilíocht iniúchta feabhsaithe na faisnéise inbhuanaitheachta mar thoradh air. De réir Aithris 61 den CSRD, ráthaítear le rogha an Bhallstáit cothrom na féinne i measc na ndaoine agus na ngnólachtaí uile a sholáthraíonn seirbhísí árachais inbhuanaitheachta, rud a chruthaíonn deis do mhargaí breise fás i gcomhréir le straitéis nua an Aontais Eorpaigh um fhás eacnamaíoch faoin Margadh Glas.

## **CEISTEANNA COMHAIRLIÚCHÁIN**

Ba mhaith leis an Roinn do thuairimí a fháil ar na ceisteanna seo a leanas chun riachtanas an mhargaidh a mheas.

<b>Ceist 1</b> – An dtacaíonn tú leis an moladh go nglacfaidh Éire rogha an Bhallstáit chun soláthraí seirbhíse nua a thabhairt isteach, a chreidiúnú, a rialáil agus faireachán a dhéanamh air – ar a
--

dtugtar Soláthraí Neamhspleách Seirbhísí Árachais – chun tuairim árachais a thabhairt ar thuarisciú inbhuanaitheachta? Tabhair fáthanna le do rogha.

**Ceist 2** – An bhfaigheann tú seirbhísí duine go deonach, seachas iniúchóir reachtúil, le haghaidh tuairime árachais ar thuarisciú inbhuanaitheachta? Tabhair fáthanna le do rogha.

**Ceist 3** – An bhfuil aon tuairimí agat faoi conas agus cé acu ba cheart do Sholáthraithe Seirbhísí Neamhspleácha Árachais atá bunaithe in Éirinn creidiúnú, maoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu?

**Ceist 4** – An bhfuil aon tuairimí agat faoi chumas na Soláthraithe Seirbhísí Neamhspleácha Árachais ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE ('Treoir Iniúchóireachta') a chomhlíonadh?

**Ceist 5** – An bhfuil aon tuairimí agat faoin gcaoi ar cheart d'Éirinn (mar Bhallstát óstach í) maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhu inbhuanaitheachta arna dhéanamh ag Soláthróirí Neamhspleácha Seirbhísí Árachais atá bunaithe i mBallstát eile?

**Ceist 6** – Má thagann tú faoi raon feidhme an CSRD, an dóigh leat go n-úsáidfeá Soláthraí Neamhspleách Seirbhísí Árachais (seachas iniúchóir reachtúil) le haghaidh do dhearbhu inbhuanaitheachta? Tabhair fáthanna le do rogha.

**Ceist 7** – An bhfuil aon tuairimí agat i dtaobh an rachadh earnáil nua árachais maidir le hinbhuanaitheacht chun tairbhe nó dochar do ghnó agus d'fhostaíocht na hÉireann nó do gheilleagar na hÉireann a thabhairt isteach?

### Saincheisteanna ábhartha eile

Cuir do thuarimí isteach, le do thoil, ar aon saincheisteanna eile a d'fhéadfá a fheiceáil a bhaineann le trasú rogha an Bhallstáit seo.

**GO RAIBH MAITH AGAT AS DO CHUID FREAGRAÍ**

## SPRIODHÁTA LE HAGHAIDH AIGHNEACHTAÍ

Is é **Dé hAoine, 19 Iúil 2024** an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí.

Ba cheart aighneachtaí a sheoladh trí ríomhphost chuig [CSRD@enterprise.gov.ie](mailto:CSRD@enterprise.gov.ie) ag baint úsáide as an teimpléad atá ar fáil.

Scríobh **‘freagra ar chomhairliúchán poiblí ar an rogha chun Soláthraí Neamhspleách Seirbhísí Árachais a ghlacadh’** i líne ábhair an ríomhphoist le do thoil.

## AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014 AGUS AIGHNEACHTAÍ A FHOILSIÚ

Cuirfidh an Roinn gach aighneacht a fhaightear faoin gcomhairliúchán sin ar fáil ar a suíomh gréasáin. Tabhair do d’aire go bhféadfar faisnéis arna soláthar don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, má mheasann tú go bhfuil aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú íogair ó thaobh na tráchtála de, sonraigh é le do thoil, agus sonraigh an chúis atá lena íogaireacht. Rachaidh an Roinn i gcomhairle leat maidir le faisnéis a d’aithin tú a bheith íogair sula bhfoilseofar nó sula nochtfar ar bhealach eile é.

## AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Ba cheart d’fhreagróirí a thabhairt faoi deara gur tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (‘RGCS’) i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus go bhfuil sé beartaithe níos mó smachta a thabhairt do dhaoine aonair maidir lena sonraí pearsanta. Tá príomhphrionsabail an Rialacháin mar seo a leanas:

- dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht;
- teorannú cuspóra;
- íoslaghdú sonraí;
- cruinneas;
- teorannú stórála;
- sláine agus rúndacht, agus
- cuntasacht.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an Rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí. Caithfear le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú don Roinn seo leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta agus ar bhealach atá i gcomhréir dhlúth leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

## AIBREÁN 2024